



Gradam Ceoil TG4 – Ollsoláthar Léirithe ceithre bliana

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar Ghradam Ceoil TG4 a léiriú agus a chraoladh beo ar feadh ceithre bliana – 2022, 2023, 2024, 2025.

Is é Gradam Ceoil TG4 buaic-chlár ceoil agus ealaíne na seirbhíse agus tá sé ar cheann de na hócáidí is mó i bhféilire an cheoil traidisiúnta. Le béim ar an siamsaíocht, meallann Gradam Ceoil TG4 lucht féachana leathan, náisiúnta. Beidh Gradam Ceoil bliain is fiche cúig bliana ar an bhfód i 2022. Aitheantas atá sna Gradaim do scoth an cheoil agus na hamhránaíochta i sé chatagóir. Go dtí seo i stair na nGradam, ba cheolchoirm mhór a bhí i gceist a chraoltaí beo ó ionad ina mbíodh lucht féachana mór i láthair. Táimid ag súil go dtiocfaidh fás air sna ceithre bliana atá amach romhainn le bheith ina imeacht ilmheánach le go mbeadh sé mealltach do gach aoisghrúpa agus do lucht féachana leathan lasmuigh don chroí-lucht féachana do cheol traidisiúnta ar TG4.

Beidh an ceol i gcroílár na hócáide i gcónaí, agus ba cheart béim a chur ar an siamsaíocht agus ar an gcruthaíocht. Ainmneofar buaiteoirí an sé réimse go neamhspleách ón léiriú. Cuirtear fáilte roimh mholtaí i dtaobh gnéithe digiteacha a áireamh sa léiriú a dhéanfadh sainiúlacht agus úireacht gach duine den seisear a thaispeáint go físiúil ar an scáileán ar bhealach atá spleodrach agus nuálach.

Is ollsoláthar léirithe ceithre bliana a bheidh sa chonradh léirithe seo, ina gcuimseofar an clár teilifíse a léiriú, mar aon le gnéithe breise ar líne agus ábhar ilmheán eile a chur ar fáil, a d'fheilfeadh do mhór-ócáid ealaíne cheiliúrtha na nGradam.

- Taifead il-cheamara a bheidh i gceist leis an gcráoladh beo, a mhairfidh idir 90' agus 100' san iomlán.
- Ba cheart go leagfar béim san aighneacht ar ábhar breise a chur ar fáil ar líne a chraolfar roimh an craoladh líneach, lena linn, agus ina dhiaidh.
- Ba cheart moltaí a chur isteach leis an iarratas maidir le hionad mór a bheadh oiriúnach don taifead il-cheamara, ina mbeadh spás ann do lucht féachana mór. Is i gcomhar le TG4 a roghnófar láthair na nGradam. Bheifí ag súil go bhfanfadh na Gradaim sa láthair céanna ar feadh dhá bhliain as a chéile.

- Ba cheart go gcuirfeadh béim san iarratas ar bhealaí chun lucht féachana leathan, lasmuigh de lucht dílis an cheoil a mhealladh.
- Cuirfeadh béim ar an lucht féachana domhanda agus na deiseanna atá ann pobal an cheoil lasmuigh d'Éirinn a cheangail leis na Gradaim.
- Ba cheart an phríomhfhoireann léirithe agus láithreoirachta a lua go sonrach san iarratas.
- Tá buiséad léirithe €150,000 in aghaidh na bliana ar a mhéad ar fáil don léiriú. Clúdfófar costais léirithe agus stáitsithe an chláir leis an mbuiséad seo, agus na costais sin amháin. Ní áireofar costais an ionaid, costais mhargaíochta nó costais eile leis an méid sin.
- Dé réir chonradh an léirithe seo, ceannóidh TG4 cearta an léirithe thar barr amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Gradam Ceoil TG4 nó chun léiriúcháin na mblianta roimhe seo a fheiceáil, téigh chuig www.gradam.ie.

Ba cheart iarratais a sheoladh ar chóras eCoimisiún TG4 <https://ecomm.tg4.ie> tríd an rogha 'Gradam Ceoil TG4 2022' faoin Aoine, 29 Deireadh Fómhair 2021.

Tuilleadh Eolais: Proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie maire.ui.choisdealbha@tg4.ie